

## ❖ An Lúbín ❖

4 Deireadh Fómhair 2004



### **TG4 i bponc**

*A new report says that TG4's funding needs to be greatly increased.*

Tá tuairisc ar mhaoiniú TG4 a choimisiúnaigh Screen Producers Ireland le seoladh sa Ghaillimh ar 11/10/04, díreach in am chun an scéal a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais. De réir mar a deir *Lá*, áitítear go gcaithfidh an Rialtas cur go mór le buiséad TG4 go ceann trí bliana – 50% níos mó gach bliain. 23 milliún euró in aghaidh na bliana a fhaigheann TG4, agus caitear 14 milliún de sin ar chlár a choimisiúnaí ó léiritheoirí neamhspleácha. Comhlachtaí Gaeltachta a fhaigheann timpeall leath an airgid. Dúradh le *Lá* gur suarach an méid 23 milliún euró ar ghualainn an 139 milliún euró (£95 milliún) a fhaigheann Sianel 4 Cymru ó Rialtas na Breataine, agus an tseirbhís chéanna á cur ar fáil.

Níl TG4 gan airgead breise a fháil ón gciste thuaidh agus ó chiste na gceadúnas teilifíse, ach beidh meall costais bhreise ag gabháil le t

### **Áilleacht i bhfolach**

*How do you rescue a work of art concealed by later paint? An Australian has found the solution.*

Má tá barúil agat go bhfuil sárshaothar ealaíne ceilte faoin bpéint ar bhalla na cistine, tá cabhair ar fáil, a bhuíochas sin ar Jocelyn Evans, taighdeoir ón Lárionad um Chaomhnú an Ábhair Chultúrtha ag Ollscoil Melbourne. Chum sí modh chun sraitheanna péinte a bhaint go mín neamhdhíobhálach de sheanealaín. Is gearr ó éirigh múrmhaisiú iontach aníos ó bhalla ag scoil i Melbourne dá bharr. Is coitianta an fhadhb í forphéint i gcúrsaí caomhnaithe – dathú a cuireadh anuas ar bhunsaothar – agus ba dheacair go dtí seo fáil réidh leis an bhforphéint gan dochar a dhéanamh dá raibh thíos fúithi.

Scrúdaigh Evans scamhairí malla péinte a bhí á n-úsáid ar dhóigheanna eile agus rinne anailís eolaíoch orthu i dtreo go mbeidís oiriúnach don chaomhnú, ag bogadh na sraithe is uachtaraí de réir a chéile chun go mbeifí in ann í a scrios gan dua sula sroichfeadh an scamhaire an tsraith is doimhne. Tá pictiúir ar fud an domhain a bhféadfaí iad a shábháil nó a ghlanadh dá bharr – prionsaí, Pápaí, pearóidí, mná i seomraí ciúine, íomhánna a fágadh i bhfolach agus a thiocfaidh chugainn arís.

### **Dumpáil**

*Illegal dumping of rubbish has been rife in Ireland; but rubbish is universal.*

Is fada dumpáil ainrialta ina crá agus ina ciapadh in Éirinn. Tá sí ina smál ar áilleacht na tíre, tá baint aici le drochiompar agus meirdreachas, agus déanann sé dochar don tsláinte de bharr uisce a thruailliú. Is deacair, mar sin, gan aontú le hAbhcóide Ginearálta na Cúirte Eorpaí, agus é ag feannadh Rialtas na hÉireann as mí-éifeacht agus míriardh. Níl córas ceadúnas ann i gcomhair láimhseáil na dramhaíola ná níl an dramhaíl á bailiú ag daoine cúí. Is gearr ó cuireadh in iúl go

raibh dramhaíl ón bPoblacht á dumpáil sa Tuaisceart, rud a chuir cochall ar roinnt polaiteoirí lastall den teorainn.

Sa tír seo bheimis in ann a mhaíomh go bhfuilimid saor ón tsleamhchúis Ghaelach; ach ní bhacann sin carnadh an bhruscair. Agus tá sé thar a bheith deacair fós againn láithreáin a aimsiú le haghaidh na dramhaíola is nimhní – fo-ábhar núicléach. Tráth den saol dhéanfaimis poll a thochailt san fhásach, beag beann ar thuairimí an dreama a bhí ina gcónaí sa tír seo sular tháinig Cook nó cimí an bealach. Scéal eile atá ann anois, agus is mithid; ach theip orainn aon Tuaisceart a fháil sna bólaí seo chun an chuid is salaí dinn a chur de láimh.

### **Gaelscoileanna ó thuaidh**

*Gaelscoileanna continue to be founded apace in Northern Ireland.*

Tá roinnt Gaelscoileanna nua aitheanta ag an Rialtas i dTuaisceart Éireann, de réir mar a deir *Lá*, agus tá Gaeilgeoirí sásta go leor gur Gaeilgeoir, Máire Ní hAinifín, a ceapadh mar Aire Oideachais. Tugadh lánaitheantas do Ghaelscoil na Móna, Béal Feirste, agus do Ghaelscoil an Traonaigh, Lios na Scéithe, agus aitheantas teoranta do scoil in Inis Ceithleann agus do cheann eile i mBaile na Scríne. Ba mhaith le Gaeilgeoirí scoileanna a bhunú i Leamhcán agus ar an Mhuileann gCearr, ach fuair siad diúltú ón Roinn sular ceapadh an tAire nua; agus cúpla scoil eile fós a d'fhéadfaí a chur ar bun ach caoi a fháil air. Bhí drogall ar an Roinn dhá Ghaelscoil a cheadú sa cheantar céanna – drogall nach bhfuil le haithint ar Ghaeilgeoirí.

### **Áilleacht i bhfolach**

*How do you rescue a work of art concealed by later paint? An Australian has found the solution.*

Má tá barúil agat go bhfuil sárshaothar ealaíne ceilte faoin bpéint ar bhalla na cistine, tá cabhair ar fáil, a bhuíochas sin ar Jocelyn Evans, taighdeoir ón Lárionad um Chaomhnú an Ábhair Chultúrtha ag Ollscoil Melbourne. Chum sí modh chun sraitheanna péinte a bhaint go mín neamhdhíobhálach de sheanealaín. Is gearr ó éirigh múrmhaisiú iontach aníos ó bhalla ag scoil i Melbourne dá bharr. Is coitianta an fhadhb í forphéint i gcúrsaí caomhnaithe – dathú a cuireadh anuas ar bhunsaothar – agus ba dheacair go dtí seo fáil réidh leis an bhforphéint gan dochar a dhéanamh dá raibh thíos fúithi.

Scrúdaigh Evans scamhairí malla péinte a bhí á n-úsáid ar dhóigheanna eile agus rinne anailís eolaíoch orthu i dtreo go mbeidís oiriúnach don chaomhnú, ag bogadh na sraithe is uachtaraí de réir a chéile chun go mbeifí in ann í a scrios gan dua sula sroichfeadh an scamhaire an tsraith is doimhne. Tá pictiúir ar fud an domhain a bhféadfaí iad a shábháil nó a ghlanadh dá bharr – prionsaí, Pápaí, pearóidí, mná i seomraí ciúine, íomhánna a fágadh i bhfolach agus a thiocfaidh chugainn arís.

### **Pas ilteangach**

*British passports are to include a Celtic language.*

Go dtí anois ní fheicfeá ach dhá theanga ar phas Briotanach: Béarla agus Fraincis. Ag deireadh na bliana 2005 beidh Breatnais ann freisin, rud a tharla de bharr réitigh idir Tionól na Breataine Bige an Roinn Gnóthaí Baile. Is dócha nach ligfidh dreamanna eile sa Bhreatain an scéal tharstu. Tá caint le cloisteáil cheana féin faoi áiteamh ar an Roinn Gaeilge a chur ar an bPas; ba bheag an tionadh Gàidhlig a fheiceáil ann luath nó mall. Ansin beidh lucht Coirnise ag iarraidh bealach isteach, cé go mbeidh orthu a líon a mhéadú chun meáchan a chur san éileamh. I gcás na

hAstráile ní bheadh doicheall ar 'An Lúibín' roimh chúpla teanga Bundúchasach ar phas na tíre, agus cén fáth nach mbeadh an Ghaeilge féin ann – teanga a tháinig in éineacht le Béarla agus urraim dlite di dá bharr....

### **Gàidhlig ar an aer**

*Scottish Gaelic is now being broadcast from 3 ZZZ in Melbourne, and you can find the program in the Internet as well.*

Tá athchraoltóir Gàidhlig SBS, Seonaidh Mac Fhraing, tar éis clár nua sa teanga sin a chur ar siúl ar 3 ZZZ i Melbourne. Craoltar é istoíche Dé Luain ó 11.00 go 12.00, agus bíonn roinnt Béarla ann mar chúnaimh don té atá ar bheagán Gàidhlig. Bheadh Seonaidh an-sásta cúpla Gaeilgeoir a bheith i measc na n-éisteoirí. (Deir sé go bhfuil an-chúnaimh á fháil aige ó na chraoltóirí Éireannacha ag 3 ZZZ agus é fós i dtús oibre.) NB: Tá ainm an chlár Shiúrdánaigh le fáil fós san áit a bhfuil clár na Gàidhlig anois.

Tá 3 ZZZ le fáil ar 92.3 MHz, agus féach: [www.3zzz.com.au](http://www.3zzz.com.au).



### **An raibh Gaeilge ag Ned Kelly? Cainteoirí dúchais i Victoria na hAstráile idir na blianta 1840 agus 1890.**

*A version of a paper delivered by Colin Ryan at the 13<sup>th</sup> Irish-Australian History Conference at the University of Melbourne on 1/10/04. It concerns the estimated percentage of Irish speakers who arrived in the Colony of Victoria (formerly Port Phillip) in the second half of the 19<sup>th</sup> century.*

An raibh Gaeilge ag Ned Kelly? Is dócha nach raibh (cé nach féidir é a chruthú). Ach ní dóichíde rud de ná go raibh Gaeilge ag a athair, Seán Rua Ó Ceallaigh. Rugadh eisean sa bhliain 1820 i ndeisceart Thiobraid Árann, áit a raibh Gaolainn na nDéise ag formhór na ndaoine fós (86% díobh sa bhliain 1821 sa bharúntacht dheisceartach Uí Fathadh & Uí Fothadh Thiar, agus 56% in Uí Fathadh & Uí Fothadh Thoir). Ba sclábhaí é – ball den aicme ba threise Gaeilge ag an am. Na muca a ghoid sé agus a thug leis go dtí an Chathair is dócha gur i nGaeilge a díoladh iad, rud nár dheacair a dhéanamh i mbailte móra Chúige Mumhan ansin; go fiú sa bhliain 1851, mar shampla, bhí Gaeilge mar theanga dhúchais ag 29% de dhaonra na Cathrach, ag 15% de dhaonra Chluain Meala, ag 15% de dhaonra Chaisil agus ag 28% de dhaonra Charraig na Siúire. I mBéarla a triaileadh agus a ciontaíodh é, áfach, agus cuireadh an loch amach é sa bhliain 1842. Bheadh Gaeilge ag Ann, aintín Ned, freisin; rugadh í sa bhliain 1831 san áit chéanna agus baisteadh í ag Cill Náile, mar ar baisteadh Seán roimpi. Bhain sí an Astráil amach agus phós fear de mhuintir Uí Riain ann. Bhí beirt mhac léi ag cuidiú le Ned ina dhiaidh sin.

Nílimid ach i dtús staidéir i ngeall ar stair na Gaeilge i Victoria (a dtugtaí Port Phillip air go dtí an bhliain 1851). Is beag staraí a chuir suim i stair na teanga san Astráil i gcoitinne. Eisceacht ba ea an staraí Patrick O'Farrell, cé gur dóigh argóna cuid de na tuairimí a bhí aige: rinne sé amach go bhfuair na hinimircigh réidh leis an teanga chomh luath agus ab fhéidir – tuairim nach bhfuil a chuid fianaise féin ag cur léi, gan trácht ar an eolas atá againn faoi chúrsaí teanga i bpobail eile.

Is minic talamh slán déanta de gur beag Éireannach a tháinig anseo le Gaeilge de bharr mheath na teanga tar éis an Ghorta, cé go n-admhódh mórán anois gur fhan spriolladh maith inti in iarthar agus in oirdheisceart na tíre – sin é le rá, sna contaethe ar fáisceadh an oiread sin imirceach astu.

Deacracht eile is ea an easpa Gaeilge atá ar mhórán staraithe, go háirithe san Astráil, rud a fhágann seo gur deacair dóibh an teanga agus a saindúchas a shamhlú mar rud beo, agus dul amach ar shaol a raibh Gaeilge á labhairt ag cách ann. Is deacair do dhaoine éalú ón tuairim gurb é an Béarla teanga ‘nádúrtha’ na tíre, cé nach bhfuil sé píos níos nádúrtha ar an dóigh sin ná an Ghaeilge féin.

An té ar mian leis eolas a bhailiú faoi líon na gcainteoirí dúchais i Victoria sa 19ú haois ní mór dó feidhm a bhaint as téacsanna (má tá siad ann), fianaise teagmhasach agus cuntais chomhaimseartha. Déantar tagairt dá leithéidí thíos, ach is é an príomh-mhodh oibre atá agam anseo ná staitisticí teanga na linne sin agus áiteanna dúchais na n-inimircigh a chur i gcoibhneas a chéile.

### Daonáirimh agus suirbhéanna

Is maith an sás figiúirí na ndaonáireamh Éireannach chun léargas éigin a thabhairt ar an scéal seo. Cuireadh an daonáireamh ar bun sa bhliain 1851, agus bhíothas ar lorg eolais faoi uimhir na gcainteoirí Gaeilge ó thús. (Táim ag brath anseo ar an scagadh a rinne Garrett Fitzgerald ar na figiúirí i bpáipéar a d’fhoilsigh sé sa bhliain 1984 ar PRIA.) Tá na figiúirí de réir a chéile ó ghlúin go glúin, agus is féidir aoisghrúpaí a dhealú amach; ach tá na figiúirí míchruinn go dtí an bhliain 1881. Sa bhliain sin b’airde na céatadán i ngach aoisdíorma – rud a chuirfeadh in iúl go raibh na meastacháin ró-iseal roimhe sin. Ar dtús rinneadh an comhaireamh de réir barúntachtaí amháin, limistéir sách mór, agus níor tosaíodh ag baint feidhme as limistéir ba lú - ceantair thoghchánaíochta agus eile - go dtí an bhliain 1881. Rud eile de, ní raibh sa cheist faoi Ghaeilge ach fonóta anuas go dtí an bhliain sin – rud arbh fhurasta dul thairis. Agus dúradh go fiú ag an am nach n-admhódh méid éigin daoine go raibh Gaeilge acu ar eagla gurb iad an bheadh thíos leis.

B’as na contaethe ba láidre Gaeilge d’fhorhmór na n-inimircigh a tháinig go dtí an Astráil – Co. na Gaillimhe agus contaethe Chúige Mumhan. Má scrúdaímid suirbhé a rinneadh ar 13,055 inimircigh deontais a tháinig go dtí Victoria idir na blianta 1839 agus 1848, feicimid gurbh Éireannaigh 58% acu, agus gurbh as na contaethe seo a leanas dóibh – Co. an Chláir, Co. na Gaillimhe, Co. Luimnigh, Co. Chorcaí, Co. Thiobraid Árann (duine as deichniúr), Co. Uíbh Fhailí, Co. Chill Chainnigh, Co. Cheatharlaigh agus Co. Cill Dara. Seo radharc ginearálta ar úsáid na teanga i gcontaethe áirithe de réir dhaonáirimh na mblianta 1851 agus 1891. Tugtar líon na gcainteoirí agus an céatadán maidir leis an mbliain 1851, agus an céatadán amháin maidir leis an mbliain 1891.

	1851		1891
An Clár:	126,996	59.8%	37.7%
Corcaigh:	196,034	52.5%	31.0%
Ciarraí:	146,498	61.5%	41.4%
Gaillimh:	207,649	69.7%	58.5%
Luimneach:	77,982	37.4%	13.1%
Tiobraid Árann:	62,764	18.9%	7.1%
Cill Chainnigh:	20,830	15.0%	
Ceatharlach:	243	0.4%	
Cill Dara:	514	0.5%	

Bhí tábhacht ar leith leis an inimircigh fhordeontais. B’fhéidir le coilínigh inimircigh a thabhairt amach ón Ríocht Aontaithe faoi choimirce Choimisiún Coilíneach na Talún agus na hInimircigh, agus cúiteamh a iarraidh dá gcomhlíonfaí coinníollacha áirithe. B’éigean d’inimircigh slí bheatha liostaithe a bheith acu agus a bheith saothrach agus staidéartha. Níorbh fhéidir do lánúnacha a bheith níos sine ná 40 bliain d’aois, agus b’éigean do dhaoine singil a bheith faoi bhun 30. Daoine

gan ghustal is mó a tháinig ó Éirinn, agus b'as Co. Chorcaí, Co. An Chláir, Co. Thiobraid Árann agus Co. Luimnigh dá bhformhór.

Ó na tríochaidí amach ba ghnách bunáite na bhfear a áireamh mar sclábhaithe, agus go fiú sna seascaidí bhí 89% acu gan scileanna. Mar chailíní aimsire a liostaíodh bunáite na mban. Clann feirmeoirí iad, tríd is tríd, agus baint acu dá bharr le haicme na Gaeilge.

Bhain na hÉireannaigh an-tairbhe go deo as scéim úd na hinimirce fordheontais, scéim a mhair ó 1839 go 1873 i Victoria; sna seascaidí b'Éireannaigh iad 52% de na daoine a fuair cúnamh, daoine óga singil de ghnáth. Is fiú a fhiafraí mar sin cén céatadán de dhaoine óga sna contaethe Gaeilge a raibh an teanga sin acu ag an am. (Ó shaothar Fitzgerald a fuarthas na figiúirí, agus iad oibríthe amach aige ó fhigiúirí 1881 siar.) Na daoine a bhí ó 10 go 29 bliain d'aois agus a rugadh i Co. an Chláir, i gCo. Chorcaí agus Co. na Gaillimhe ó 1831 go 1841, mar shampla, bhí Gaeilge ag os cionn 60% acu; bhí Gaeilge fós ag os cionn 20% den aoisdíorma chéanna a rugadh ó 1861 go 1918 sna contaethe céanna.

Mar a deir Fitzgerald, sa tréimhse 1861-71 bhí roinnt de chainteoirí óga i ngach barúntacht de Cho. Phort Láirge, de Cho. Chiarraí, den chuid ba mhó de Cho. Chorcaí, agus de Cho. an Chláir ach amháin san oirthear. Bhí siad le fáil i ndeisceart Thiobraid Árann, agus in oirthuaisceart agus in iarthar Cho. Luimnigh. I nDéise Cho. Phort Láirge, i mBéara, in iarthar Chiarraí agus in iarthuaisceart Cho. an Chláir bhí a n-uimhir chomh hard le 60%, mar a bhí freisin in iarthar agus i lár Cho. na Gaillimhe. Chuaigh cuid éigin de na daoine óga sin agus de na glúine óga rompu go dtí an Astráil agus go háirithe go dtí Victoria. Féach an tábla thíos (atá bunaithe ar shaothar Fitzgerald) mar léiriú ar rangú na n-aoisdíormaí.

**Céatadán na ndíormaí a rugadh i dtréimhsí éagsúla agus a raibh Gaeilge acu**

	1771-81	1801-11	1831-41	1861-18
An Clár:	92	90	72	33
Corcaigh:	84	82	66	21
Ciarraí:	93	93	86	45
Luimneach:	76	73	34	3
Tiobraid Árann:	51	45	16	2
Port Láirge:	86	81	67	35
Cill Chainnigh:	57	45	14	1
Gaillimh:	91	89	78	56
Liatrom:	52	43	19	1
Maigh Eo:	95	94	89	60
Ros Comáin:	74	65	26	3
Sligeach:	84	82	59	8
Ard Mhacha	18	15	8	1
An Cabhán	39	29	8	0
Dún na nGall:	56	53	40	29
Fir Manach:	16	9	2	1
Doire:	10	7	4	1
Muineachán:	33	28	11	1
Tír Eoghain:	19	14	7	3

Sa bhliain 1861 b'Éireannaigh iad 19% de na hinimircigh a tháinig chun Victoria; deich mbliana ina dhiaidh sin bhí buaic na hinimirce Gaelaí ann - 100,468 duine. Lagaigh an tuile go mór i ndeireadh na hinimirce deontais, ach má chuirimid slí bheatha, aois agus contaethe dúchais na nÉireannach san áireamh is dócha go raibh Gaeilge ag an tríú cuid ar a laghad díobh siúd a tháinig sa tréimhse 1840-1890 - rud a fhágann gur mhionlach suntasach iad.

### **Cothú na teanga**

Is mór an cúnaimh do theanga i dtír nua lucht a labhartha a bheith ina gcónaí ar scáth a chéile, an chanúint chéanna a bheith acu agus a gcairde gaoil a bheith ina dtimpeall. Bheadh súil agat sa chás sin go labhródh an chéad ghlúin an teanga lena ngaolta, lena seanchairde agus lena seanchomharsana. Ar an dóigh seo d'fhéadfadh an teanga maireachtáil ar feadh cúpla glúin ar a laghad. (Is cuimhin liom a bheith ag caint le fear a ndeachaigh a seanathair i mbun feirmeoireachta i Victoria in ochtóidí an 19ú haois agus a thugadh cuairt ar gach cainteoir dúchais eile sa cheantar.)

Go fiú nuair a bhí lucht labhartha na Gaeilge sách scaipthe d'fhéadfadh an teanga maireachtáil ó ghlúin go glúin i dteaghlaigh áirithe, ach ní dhearnadh aon staidéar go bhfios dom ar cé chomh minic is a tharla sin i Victoria.

### **Úsáid na teanga**

Mar a deir O'Farrell, ní deacair a dhéanamh amach go raibh Gaeilge á labhairt ag mórán in iarthar Victoria. Chuir neart Gaeilgeoirí fúthu timpeall Warrnambool, mar shampla – rud a thosaigh i ndaichidí an 19ú haois. Ba bheag nár mhar a chéile líon na bhfear agus na mban, rud a spreag pósadh. Ba choitianta an rud í inimirce shlabhra – daoine sa tír nua ag cur costas an turais abhaile chomh luath is a bhí an méid sin sábháilte acu.

Taispeánann daonáirimh na mblianta 1851 agus 1881 i Victoria mórán Éireannach ina gcónaí ar scáth a chéile, rud a chuideodh le cothú na teanga: iad lonnaithe timpeall Melbourne, Kilmore, Kyneton, Benalla agus Portland, agus san oirdheisceart faoin mbliain 1880. Is cosúil gur tháinig a leath lena gcairde gaoil, agus baint ag a bhformhór le Cúige Mumhan nó le deisceart Chúige Uladh anuas go dtí na seachtóidí; ón oirthear agus ó Chúige Uladh a tháinig a bhformhór ó na hochtóidí amach, de bharr chealú cabhair rialtais. Daoine singil ba ea 85% díobh siúd a tháinig sna caogaidí agus sna seascaidí, ach ba mhinic a chuir siad fúthu in aice le lucht aitheantais agus a phós daoine den dream sin.

Tá cothú teanga ag brath go mór ar na mná, agus b'as Éirinn do thimpeall leath na mban a tháinig le cabhair rialtais. B'as barúntachtaí Gaeilge iad go minic, agus iad tógtha faoin tuath. Ó 1848 go dtí 1850 tháinig 1,255 cailíní ina ndílleachtaí, agus baint ag mórán acu le ceantair Ghaeilge ar nós iarthar Cho. na Gaillimhe.

Ar dtús thug na hÉireannaigh a n-aghaidh ar an tuath i Victoria, ach faoin mbliain 1861 bhí neart acu ina gcónaí i gCoburg, in Essendon, i North Melbourne agus i lár na cathrach; go fiú sa bhliain 1901 bhí líon neamhchoitianta díobh sa chathair féin agus sna bruachbhailte tionsclaíocha ar nós Collingwood agus Richmond. Bhí cainteoirí dúchais ina measc ar feadh na tréimhse sin, agus is dóigh go gcloisfí neart Gaeilge ag na Ciarraigh a bhíodh ag obair ina bhfoirne ar an iarnród ag North Melbourne.

Mheall an t-ór slua Éireannach, idir mhná agus fhir, chun Victoria i lár an 19ú haois. Bhí mórán acu sna ceantair óir ag Ballarat agus ag Bendigo, agus ní raibh Gaeilge gann – féach an tseanmóir macarónach a thug an tAthair de Staic ag Bendigo timpeall na bliana 1852, agus é ag gabháil buíochais le gach ar sheas leis i gcoinne cúpla maistín Protastúnach: 'Ní gá dhom é a mholadh, an Gearaltach groí/God bless his two fists, sure they're harder than steel'. Deirtear gur cuireadh an sagart seo d'aonghnó chun an cheantair toisc Gaeilge a bheith aige, agus bhí a chomhGaeilgeoir de shagart le fáil ag Ballarat le linn cheannairc Eureka – an tAthair Patrick Smyth as Ciarraí.

Fillimis ar Ned agus ar na daoine a bhain leis. Mura raibh Gaeilge aige féin is dócha gur chuala sé í aon uair amháin ar a laghad. Nuair a bhí sé féin agus a chairde ag fanacht leis na póilíní i dteach tábhairne Glenrowan roimh an gcomhrac deireanach sa bhliain 1880 d'iarr sé amháin ar an

gcuideachta. Ar na hamhráin sin bhí ceann a raibh teideal Gaeilge air: *Cailín Deas Crúite na mBó*. Jack Jones, mac Ann Jones (an t-óstóir), a dúirt é. Rugadh Ann sa bhliain 1830 ag an bPort Nua in iarthuaisceart Thiobraid Árann, áit a bhí gann i nGaeilge faoin mbliain 1851: deir daonáireamh na bliana sin nach raibh ach 1,001 cainteoir dúchais sa bharúntacht (0.5% den daonra). Ba líonmhaire iad fiche bliain roimhe sin, ar ndóigh.

Dlúthchara le Ned ba ea Steve Hart, agus is dócha go raibh a mháthair Bríd ina sampla den bhaint a bhí ag saol na Gaeilge le saol an Cheallaigh. Rugadh í i gCo. na Gaillimhe sa bhliain 1835, agus i gceann a sé bliana déag tháinig go dtí an Astráil ina dílleachta ar an *Thomas Arbuthnot*, in éineacht lena deirfiúr agus 108 cailín eile. Mura raibh Gaeilge acu go léir, is dócha go raibh sí aicise.

Éireannaigh ba ea 85% de na póilíní ag an am, agus is dócha go raibh Gaeilge ag mórán acu. Tógaimis an triúr a maraíodh ag Stringybark Creek, Michael Kennedy, Thomas Lonigan agus Michael Scanlan. Rugadh an Cinnéideach in aice le Baile na gCailleach i gCo. Iarmhí sa bhliain 1842; ar éigean a bhí an Ghaeilge beo ann ag an am, agus ní dócha go raibh sí ag mo dhuine. Scéal eile a bhí ann i ngeall ar an mbeirt eile. Léiríonn daonáireamh 1851 go raibh Gaeilge ag 38% den daonra ar a laghad i gCo. Shligigh, áit dhúchais an Lonnagánaigh. Rugadh an Scanlánach in iarthar Chiarraí, láimh le Cill Áirne, sa bhliain 1842, agus ba dheacair dó gan Ghaeilge a thabhairt leis.

### Áiteamh

Is dócha go raibh Gaeilge ag an tríú cuid ar a laghad de na hÉireannaigh a bhain amach Victoria idir na blianta 1840 agus 1890. Bheadh an céatadán ab airde de chainteoirí dúchais i measc na ndaoine a rugadh roimh lár na haoise, ach is minic a bheidís le fáil go fiú i ndeireadh na haoise. Is dócha gur éirigh leis an teanga maireachtáil ar feadh cúpla glúin in áiteanna áirithe.

Chuir O'Farrell síos ar an bhféiniúlacht Ghaelach a bhí fite fuaite sa teanga, agus ar 'aighe Ghaelach' a bhí le fáil fós sna Gael-Astrálaigh go fiú tar éis mheath na Gaeilge féin. Tá blas an rómánsachais ar an mbarúil sin, agus ní féidir é a dheimhniú. Má bhí buandifríocht ann is túisce a shamhlófá le creideamh ná le teanga í. B'fhéidir gur chuid cheilte de dh'ifríocht stairiúil í an teanga: rud a raibh i ndán dó nochtadh arís chun go gcuirfeadh sí lenár dtuiscint ar an am a chuaigh thart. I dtaca leis an gCeallach féin, cén rian a d'fhág an teanga ar an gciall a bhí aige dá dhúchas? Ba ghairid dó saol na Gaeilge i ngaol agus in aimsir, rud a léirigh an buachaill a dúirt an t-amhrán grá úd i dteach tábhairne plódaithe sular réab fras píléar isteach. Cuimhne agus stair na Gaeilge úd atá le brath sna hiarrachtaí a rinneadh ó shin ar an teanga a bhuanú i ndeisceart na hAstráile.

Bhí mé ag brath go mór ar obair daoine eile ag réiteach an pháipéir seo dom. Ar na daoine úd tá Patrick O'Farrell, Richard Broome agus eile, agus go háirithe Garrett Fitzgerald. Féach alt leis dar teideal 'Estimates for baronies of minimum level of Irish-speaking among successive decennial cohorts: 1771-1781 to 1861-1871,' *Proceedings of the Royal Irish Academy*, Vol. 84, 1984



Colin Ryan  
[colger@melbpc.org.au](mailto:colger@melbpc.org.au)